



An Bhruiséil, 13 Meán Fómhair 2023
(OR. en)

10202/23

LIMITE

JUR 368
ECOFIN 564
UEM 169
TSGC 4

Comhaid Idirinstitiúideacha:
2023/0138(COD)
2023/0137(CNS)
2023/0136(NLE)

TUAIRIM ÓN tSEIRBHÍS DLÍ¹

ó:	An tSeirbhís Dlí
Ábhar:	Ionchorprú beartaithe i ndlí an Aontais substaint Theideal III 'Comhshocrú Fioscach' den Chonradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas (TSCG) san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta le tograí ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le beartais eacnamaíocha agus faireachas buiséadach iltaobhach a chomhordú go héifeachtach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle, le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán Uimh. 1467/97 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air agus le haghaidh Treoir 2011/85/AE ón gComhairle maidir le ceanglais ar chreataí buiséadacha na mBallstát

¹ Sa doiciméad seo, tá comhairle dlí atá faoi chosaint le hAirteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún, agus gan a bheith curtha ar fáil ag Comhairle an Aontais Eorpaigh don phobal. Forchoimeádann an Chomhairle na cearta uile atá aici sa dlí maidir leis an doiciméad a fhoilsiú gan údarú.

I. RÉAMHRÁ

1. An 26 Aibreán 2023, thíolaic an Coimisiún Eorpach tograí le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhordú éifeachtach beartas eacnamaíoch agus faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle², le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán Uimh. 1467/97³ maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air agus le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/85/AE maidir le ceanglais le haghaidh creataí buiséadacha na mBallstát⁴ (dá ngairtear in éineacht leis seo, an pacáiste ‘Athbhreithniú ar Rialachas Eacnamaíoch (EGR)’).
2. Is é is aidhm do na tograí ‘*creat rialachais an Aontais a dhéanamh níos simplí (trí úsáid a bhaint as táscaire oibriúcháin aonair i bhfoirm conair ghlanhaiteachais agus trí cheanglais tuairiscithe a shimpliú go háirithe trí phlean fioscach struchtúrtha meántéarmach iomlánaíoch, aonair, comhtháite a thabhairt isteach), níos trédhearcaí agus níos éifeachtaí, le húinéireacht náisiúnta agus forfheidhmiú níos fearr, agus deis a thabhairt ag an am céanna athchóiriú agus infheistíocht a dhéanamh agus ardchóimheasa fiachais phoiblí a laghdú ar bhealach réalaíoch, marthanach agus de réir a chéile*’⁵. Thairis sin, ‘*agus airgeadas poiblí atá fóna agus inbhuanaithe a bheith mar aidhm aige chomh maith le fás a spreagadh, leis an gcreat athchóirithe comhlíontar freisin príomhchuspóirí an Chomhshocraithe Fhioscaigh atá mar Theideal III den Chonradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (TSCG). Ina theannta sin, coinnítear substaint an Chomhaontaithe Fhioscaigh le heilimintí eile na reachtaíochta atá beartaithe*’⁶.

² COM(2023) 240 final.

³ COM(2023) 241 final.

⁴ COM(2023) 242 final

⁵ Meabhrán Míniúcháin a ghabhann leis an togra le haghaidh Rialachán maidir le comhordú éifeachtach beartas eacnamaíoch agus faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle, lch. 2.

⁶ Ibid., lch. 3.

3. Dá réir sin, tá aithris chomhionann sna trí thogra ó phacáiste EGR, ina sonraítear an méid seo a leanas: *‘bunaítear leo creat rialachais eacnamaíoch athchóirithe de chuid an Aontais a ionchorpraíonn i ndlí an Aontais substaint de Theideal III ‘Comhshocrú Fioscach’ den Chonradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas (TSCG) san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, i gcomhréir le hAirteagal 16 de’*⁷.
4. I ndáil leis sin, le linn na hoibre ullmhúcháin atá ar siúl sa Chomhairle maidir leis na tograí, ardaíodh na ceistanna seo a leanas i meitheal na gComhairleoirí Airgeadais:
- i) an bhfuil ‘substaint’ an Chomhshocraithe Fhioscaigh de réir bhrí Airteagal 16 TSCG corpraithe i bpacáiste EGR;
 - ii) cad iad na hiarmhairtí a bheadh ag glacadh phacáiste EGR do chóras dlí TSCG; agus
 - iii) an leanfadh Airteagal 7 TSCG de bheith infheidhme i gcás ina ngabhfaidh pacáiste EGR ionad TSCG.
5. Meabhraíonn Seirbhís Dlí na Comhairle (JUR) go ndearnadh anailís ar shaincheistanna comhionanna sa tuairim uathí an 25 Aibreán 2018⁸ maidir leis an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leagtar síos forálacha chun freagracht fhioscach agus treoshuíomh buiséadach meántéarmach a neartú sna Ballstáit.

⁷ Faoi seach aithris (32) den togra le haghaidh Rialachán maidir le comhordú éifeachtach beartas eacnamaíoch agus faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle, aithris (23) den togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán Uimh. 1467/97 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air agus aithris (8) den togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/85/AE maidir le ceanglais le haghaidh creataí buiséadacha na mBallstát.

⁸ 8336/18 (‘tuairim 2018 JUR’).

6. Dá bhrí sin, rinneadh saincheistean a bhaineann leis na héifeachtaí ar stádas dlíthiúil fhorálacha TSGC dá ndéanfaí iad a chorprú i ndlí an Aontais ar bhealach a gcomhfhreagraíonn dá ‘substaint’ a phlé cheana agus tugadh freagra orthu i bpointí 30 go 39 agus 41 de thuairim 2018 JUR.
- Ós rud é go bhfuil na ceistean reatha (2) agus (3) bunaithe ar an toimhde chéanna, níl aon eilimintí nua i bpacáiste EGR lena n-athraítear conclúidí thuairim 2018 ina leith sin. Dá réir sin, díreoidh an tuairim seo ar cheist (1), a mhéid atá pacáiste EGR éagsúil go hábhartha leis an togra a bhí faoi réir na hanailíse i dtuairim 2018 JUR. Mar sin féin, i gcás inarb ábhartha, tá an tuairim seo fós ag brath ar thuairim 2018 mar thaca leis an anailís sin.

II. AN CÚLRA DLÍTHIÚIL AGUS FÍORASACH

7. Tháinig TSCG i bhfeidhm an 1 Eanáir 2013 agus thug sé isteach an oibleagáid ar Pháirtithe Conarthacha riail an bhuiséid chomhardaithe i dtéarmaí atá coigeartaithe go timthriallach a chumhdach i bhforálacha ceangailteacha agus buana náisiúnta, ar bhonn bunreachtúil más féidir, le teorainn níos ísle d’easnamh struchtúrach 0.5 % dá n-olltáirgeacht intíre (OTI), a d’fhéadfadh a bheith ina 1 % de OTI i gcás na mBallstát sin a bhfuil leibhéal fiachais acu atá go mór faoi bhun 60 % de OTI agus a bhfuil rioscaí ísle acu d’inbhuanaitheacht fhadtéarmach an airgeadais phoiblí (‘riail an bhuiséid chothromaithe’, Airteagal 3(1) TSCG). Ina theannta sin, ceanglaítear le TSCG go ngabhfaidh éifeacht le riail an bhuiséid chomhardaithe i ndlí náisiúnta na bPáirtithe Conarthacha *‘trí fhorálacha a mbeidh feidhm cheangailteach acu agus ar de ghné bhuan iad, ar forálacha bunreachtúla de rogha iad, nó ar forálacha iad trína ráthófar ar shlí eile go n-urramófar iad go hiomlán agus go gcloífear leo go hiomlán ar fud na bpróiseas buiséadach náisiúnta’* (Airteagal 3(2) TSCG).
- Déantar é sin a chomhlánú leis an gceanglas chun a áirithiú go spreagfaidh diallais shuntasacha sásra ceartúcháin go huathoibríoch (Airteagal 3 TSCG). Ina theannta sin, mhol an Coimisiún roinnt comhphrionsabal maidir leis na sásraí náisiúnta um cheartú fíoscach, lena n-áirítear ról agus neamhspleáchas na n-institiúidí faireacháin⁹.

⁹ Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le comhphrionsabail i ndáil le sásraí náisiúnta um cheartú fíoscach (COM(2012) 342 final).

8. Tá sásraí sonracha forfheidhmiúcháin in TSCG freisin, lena bhféadfaí caingean os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a bheith mar thoradh ar mhainneachtain riail an bhuiséid chomhardaithe a chorprú go cuí sa dlí náisiúnta as na hoibleagáidí faoin gConradh (Airteagal 8 TSCG) a shárú, chomh maith le gealltanais rialachais níos ginearálta, mar shampla iad siúd a bhaineann leis an vótáil faoi chuimsiú an Nós Imeachta um Easnamh Iomarcach (EDP) (Airteagal 7 TSCG), comhordú *ex-ante* athchóirithe ar an mbeartas eacnamaíoch (Airteagal 11) agus an fhéidearthacht Cruinnithe Mullaigh Euro a réachtáil (Airteagal 12 TSCG)¹⁰.
9. Tugtar sainordú le TSCG *‘Faoi cheann cúig bliana ar a mhéid tar éis don Chonradh seo teacht i bhfeidhm, ar bhonn measúnú ar an taithí a fuarthas óna chur chun feidhme, déanfar na bearta is gá, de réir an Chonartha ar an Aontas Eorpach agus an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus é d’aidhm leo substaint an Chonartha seo a chorprú i gcreat dlíthiúil an Aontais Eorpaigh’* (Airteagal 16 TSCG).

¹⁰ Comhfhreagraíonn sin do mhír 6 de thuairim 2018 JUR.

10. Measann an Coimisiún:

‘trí thógáil ar an taithí le cur chun feidhme TSCG ag na Ballstáit, coinnítear leis an bpacáiste treoirlíne mheántéarmach an Chomhshocraithe Fhioscaigh mar uirlis chun smacht buiséadach agus fás a spreagadh a bhaint amach. Áirítear gné neartaithe thírshonrach sa phacáiste darb aidhm úinéireacht náisiúnta a fheabhsú, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí bhíthin ról níos láidre le haghaidh Institiúidí Fioscacha Neamhspleácha, rud a tharraingíonn go bunúsach ar phrionsabail choiteanna an Chomhshocraithe Fhioscaigh arna mbeartú ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 3(2) TSCG. Leagtar amach sa Rialachán seo an anailís ar chaiteachas atá glan ar bhearta ioncaim lánroghnacha don mheasúnú foriomlán ar chomhlíontacht a cheanglaítear leis an gComhshocrú Fioscach. Sa Rialachán seo, mar atá i gcás an Chomhshocraithe Fhioscaigh, ní cheadaítear dialltaí sealadacha ón bplean meántéarmach ach in imthosca eisceachtúla. Mar atá sa Chomhshocrú Fioscach, i gcás dialltaí suntasacha ón bplean meántéarmach, ba cheart bearta a chur chun feidhme chun na dialltaí a cheartú ar feadh tréimhse ama shainithe. Déantar leis an bpacáiste faireachas fioscach agus nósanna imeachta forfheidhmithe a neartú chun an gealltanais a chur i gerích maidir le hairgeadas poiblí atá fóna agus inbhuanaithe agus fás inbhuanaithe agus cuimsitheach a chur chun cinn. Coinnítear leis an athchóiriú ar an gcreat rialachais eacnamaíoch dá réir sin, na cuspóirí bunúsacha smachta bhuiséadaigh agus inbhuanaitheachta fiachais a leagtar amach in TSCG’¹¹.

¹¹ Faoi seach aithris (32) den togra le haghaidh Rialachán maidir le comhordú éifeachtach beartas eacnamaíoch agus faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle, aithris (23) den togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán Uimh. 1467/97 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air agus aithris (8) den togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/85/AE maidir le ceanglais le haghaidh creataí buiséadacha na mBallstát.

III. ANAILÍS DHLÍTHIÚIL

11. Ní mór dhá réamhráiteas a dhéanamh: ar an gcéad dul síos, ní fhéadfaidh sé a bheith d'éifeacht ag oibleagáid TSCG na bearta is gá a dhéanamh d'fhonn 'substaint' an Chonartha sin a chorprú i gcreat dlíthiúil an Aontais, go gcuirfear srian ar leibhéal discréide reachtóir an Aontais chun an creat rialachais eacnamaíoch is cuí leis a ghlacadh. Ní féidir le comhaontuithe idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích idir na Ballstáit neamhspleáchas dhlíchóras an Aontais a chur i mbaol.
12. Ar an dara dul síos, mar a mhínítear i mír 9 de thuairim 2018 JUR, *'is faoi Pháirtithe Conarthacha TSCG atá sé measúnú a dhéanamh ar bhrí agus éifeachtaí na bhforálacha a rinne siad féin a chaibidil agus a dhaingniú.'* (aistriúchán neamhoifigiúil) De réir na tuairime sin, tá an tuairim seo teoranta, ar an gcaoi sin, do roinnt critéar le haghaidh léirithe chun cur ar chumas na bPáirtithe Conarthacha a mheas an ndéanadh pacáiste EGR atá beartaithe 'substaint' TSCG a chorprú i ndlí an Aontais, sa chiall dá dtagraítear le hAirteagal 16 TSCG.
13. Ar an gcéad dul síos, leagtar síos in Airteagal 2(1) TSCG go bhfuil sé le cur i bhfeidhm agus le léiriú i gcomhréir le Conarthaí an Aontais, go háirithe prionsabal an chomhair dhílis a chumhdaítear in Airteagal 4(3) CAE, agus le dlí tánaisteach an Aontais. Ar an dara dul síos, i gcomhréir le hAirteagal 31(1) de Choinbhinsiún Vín maidir le dlí na gConarthaí (VCLT), déanfar Conarthaí, mar shampla TSCG, a léiriú ar bhonn a dtéacs, a gcomhthéacs, a n-aidhme agus a gcuspóra: *'déanfar Conradh a léiriú [...] i gcomhréir leis an ngnáthbhrí atá le tabhairt do théarmaí an chonartha ina gcomhthéacs agus i bhfianaise a aidhme agus a chuspóra'*.
14. Thairis sin, tagraítear in Airteagal 32 VCLT do mhodhanna léirithe atá forlíontach leis na cinn dá dtagraítear sa mhír roimhe seo, lena n-áirítear obair ullmhúcháin an Chonartha agus imthosca a thabhairt i gcrích.

15. Dá bhrí sin, ní mór an téarma ‘*substant*’ a léiriú i gcomhréir leis na critéir thuas.
16. In Airteagal 1 TSCG leagtar síos cuspóirí an Chonartha: i) colún eacnamaíoch an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta a neartú trí shraith rialacha a ghlacadh atá beartaithe chun smacht buiséadach a chothú trí chomhshocrú buiséadach; ii) comhordú a mbeartas eacnamaíoch a neartú agus iii) rialachas an limistéir euro a fheabhsú. Féadfar gach ceann de na trí chuspóir sin a mheas mar eilimintí riachtanacha de TSCG agus, dá réir sin, mar chuid dá shubstaint¹². Mar sin féin, de réir a aithrisí, níl sé d’aidhm ag pacáiste EGR ach Teideal III de TSCG (‘Comhshocrú Fioscach’) a chorprú, rud a chomhfhreagraíonn don chéad cheann de chuspóirí TSCG a luaitear thuas. Dá réir sin, díreoidh an anailís seo a leanas ar an gcéad chuspóir sin, mar atá smacht buiséadach a chothú trí chomhshocrú fioscach.
17. Léirítear an cuspóir sin, go bunúsach, in Airteagal 3 de TSCG, lena dtugtar isteach an méid seo a leanas: i) riail an bhuiséid chomhardaithe, arna sloinneadh i dtéarmaí uimhriúla iarbhír (teorainn níos ísle d’easnamh struchtúrach 0.5 % den olltáirgeacht intíre ag praghsanna an mhargaidh); ii) oibleagáid an riail sin a thrasú bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Chonartha sin ‘*trí fhorálacha d’fheidhm cheangailteach agus de chineál buan, ar bhonn bunreachtúil más féidir, nó trína ráthú go n-urramófar go hiomlán iad agus go gcloífear leo ar fud na bpróiseas buiséadach náisiúnta*’ (aistriúchán neamhoifigiúil); agus iii) sásra ceartúcháin uathoibríoch.
18. Ní mór an cuspóir agus an t-ábhar dá dtagraítear sna míreanna roimhe seo a léiriú sa chomhthéacs ina ndearnadh caibidlíocht ar TSCG. Bunaíodh an Chomhdháil Idir-rialtasach a bhí i gceannas ar an gcaibidlíocht de bhun Ráitis ó Chinn Stáit nó Rialtais an Limistéir Euro an 9 Nollaig 2011. Sa Ráiteas sin, thagair na Cinn dá rún struchtúr treisithe a thabhairt isteach do AEA, go háirithe tríd an ngealltanas riail fhioscach nua a bhunú, bunaithe ar an bprionsabal go mbeidh buiséid ghinearálta an rialtais comhardaithe nó i mbarrachas. Sonraíodh sa Ráiteas go ‘*measfar an prionsabal seo a bheith á urramú más rud é, mar riail, nach dtéann an t-easnamh struchtúrach bliantúil thar 0.5 % de OTI ainmniúil*’ (aistriúchán neamhoifigiúil) ¹³

¹² Comhfhreagraíonn sin do mhíreanna 10 go 14 de thuairim 2018 JUR.

¹³ Comhfhreagraíonn sin do mhír 16 de thuairim 2018 JUR.

19. Dá thoradh sin, is féidir a mheas gurb é Airteagal 3 TSCG an ‘*substaint*’ dá dtagraítear in Airteagal 16 TSCG¹⁴.
20. Dá réir sin, cuimsítear roinnt gnéithe i bpacáiste EGR atá beartaithe atá mar chuid d’Airteagal 3 TSCG. Mar a thug an Coimisiún dá aire: *‘leis an gcreat athchóirithe comhliontar freisin príomhchuspóirí an Chomhshocráithe Fhioscaigh arb é Teideal III é [TSCG] ... Le treoirlíne mheántéarmach bunaithe ar dhúshláin fiachais thírshonracha, léiríonn [an Rialachán atá beartaithe lena n-ionadaítear Rialachán Uimh. 1466/97] go páirteach an ceanglas atá ar an gComhshocrú Fioscach maidir le cóineasú le riochtaí meántéarmacha atá le moladh agus dúshláin fiachais phoiblí thírshonracha á gcur san áireamh (Airteagal 3(1), pointe b, TSCG). Agus béim á leagan ar an gcomhardú struchtúrtha, ceanglaítear leis an gComhshocrú Fioscach freisin anailís ar chaiteachas glan ar bhearta ioncaim lán-roghnaigh chun measúnú foriomlán a dhéanamh ar chomhlíontacht (Airteagal 3(1) pointe b TSCG), agus tacaítear leis an anailís sin sa [togra]. Ní cheadaíonn an Comhshocrú Fioscach dialltaí sealadacha ón gcuspóir meántéarmach nó ón gconair choigeartaithe chuige ach amháin in imthosca eisceachtúla (Airteagal 3(1), pointe (c) TSCG), mar a shamhlaítear sa [Rialachán atá beartaithe]. Sonraítear sa Chomhshocrú Fioscach, i gcás ina mbíonn dialltaí suntasacha breathnaithe ón gcuspóir meántéarmach nó ón gconair choigeartaithe ina threo, nach mór bearta a chur chun feidhme chun na dialltaí a choigeartú thar thréimhse ama shainithe (Airteagal 3(1), pointe (e), de TSCG). Ar an mbealach céanna, leis an gcreat athchóirithe ceanglaítear ceartúcháin a dhéanamh ar dhialltaí ón gconair ghlancaiteachais arna leagan síos ag an gComhairle. Thairis sin, nuair a bhíonn easnamh sa bhreis ar 3 % de OTI, is féidir go gcuirfear an Ballstát faoin nós imeachta um easnamh iomarcach. [...] Foráiltear leis an gComhshocrú Fioscach go mbíonn ról ag an gCoimisiún agus ag an gComhairle sa phróiseas forfheidhmithe (Airteagal 5 TSCG), mar a luaitear sa togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle’¹⁵.*

¹⁴ Comhfhreagraíonn sin do mhír 17 de thuairim JUR 2018.

¹⁵ Meabhrán Míniúcháin a ghabhann leis an togra le haghaidh Rialachán maidir le beartais eacnamaíocha agus faireachas buiséadach iltaobhach a chomhordú go héifeachtach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle, lgh. 3-4.

21. I bhfianaise an mhéid sin, is é conclúid an Choimisiúin gur *‘féidir a mheas maidir leis an gcreat rialachais eacnamaíoch athchóirithe go ndéantar substaint fhorálacha fioscacha TSCG a chorprú leis i gcreat dlíthiúil an Aontais, de réir Airteagal 16 TSCG’*¹⁶.
22. Tugtar faoi deara freisin, murab ionann agus togra 2017 le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leagtar síos forálacha chun freagracht fhioscach agus an staid fhioscach mheántéarmach sna Ballstáit a neartú, nach moltar i bpacáiste EGR ach Rialacháin ón Aontas a úsáid mar mhodh chun *‘substaint’* an Chomhshocraithe Fhioscaigh a chorprú i ndlí an Aontais. I mír 18 de thuairim 2018, thug Seirbhís Dlí na Comhairle dá haire, i ndáil leis an oibleagáid arna forchur le TSCG riail an bhuiséid chomhardaithe a chorprú *‘trí fhorálacha le brí cheangailteach agus de chineál buan, de chineál bunreachtúil de chéadrogha, nó a ráthaítear go n-urramófar go hiomlán iad agus go gcloífi leo le linn na bpróiseas buiséadach náisiúnta’*, go mbíonn, agus reachtóir an Aontais ag reachtú trí bhíthin Treorach, *‘an deis agus na modhanna chun trasuí a dhéanamh ag na Ballstáit [agus fágann sin go bhfuil] corrlach lánroghnach acu faoin togra nach bhfuil acu faoi TSCG’* (aistriúchán neamhoifigiúil). Os a choinne sin, sna tograí atá ann faoi láthair, ní bheadh corrlach lánroghnach mar sin ar fáil, ós rud é go bhfuil Rialacháin ón Aontas ina gceangal go huile agus go hiomlán agus infheidhme go díreach i gcomhréir le hAirteagal 288 CFAE.
23. Mar sin féin, tá dhá ghné ann a bhfuil difríocht idir *‘substaint’* an Chomhshocraithe Fhioscaigh agus pacáiste EGR atá beartaithe maidir leo:
- ar an gcéad dul síos, ní fhorchuirtear riail fhioscach uimhriúil shonrach éigeantach leis na tograí; agus
 - ar an dara dul síos, cuirtear tagairt don imeacht ón gconair ghlancheiteachais in ionad an *‘riail 1/20^ú’* mar mhéadrach do na EDPanna fiachasbhunaithe, ós rud é go measann an Coimisiún gur iarradh le riail 1/20^ú *‘iarracht fhioscach ró-éilitheach’* ar roinnt Ballstát¹⁷.

¹⁶ Ibid.

¹⁷ Meabhrán Míniúcháin a ghabhann leis an togra le haghaidh Rialachán maidir le beartais eacnamaíocha agus faireachas buiséadach iltaobhach a chomhordú go héifeachtach agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle, lch. 3.

24. Is í an bhuncheist an gcomhfhreagraíonn EGR, d'ainneoin an dá dhifríocht thuas, do 'shubstaint' fhorálacha fíoscacha TSCG. Agus an cheist seo á scrúdú, tá roinnt critéar le cur san áireamh.
25. Is critéar tábhachtach é coibhéis aidhmeanna idir an dá chóras (an 'cur chuige teileolaíoch' mar a thugtar air) chun a mheas an gcomhfhreagraíonn pacáiste EGR do 'shubstaint' fhorálacha ábhartha TSCG agus, dá réir sin, ar bhraith an Coimisiún air chun na críche sin. Tá sé doshéanta gurb é is aidhm do TSCG agus do phacáiste EGR atá beartaithe araon fiachas rialtais a laghdú agus comhlíonadh na hoibleagáide easnaimh iomarcacha rialtais a sheachaint.
26. Mar sin féin, mar a thugtar faoi deara i mír 21 de thuairim JUR 2018, ní gá go n-éileofaí gurbh ionann na modhanna a úsáidtear chun an cuspóir a bhaint amach toisc go bhfuil an cuspóir céanna ag an dá shásra. Dá bhrí sin, is féidir a mheas go bhfuil 'substaint' Theideal III TSCG i bpacáiste EGR atá beartaithe ar choinníoll go bhféadfar torthaí coibhéiseacha a bhaint amach i dtéarmaí eacnamaíocha le cur chuige an dá ionstraim chun an sprioc chomhroinnte sin a bhaint amach.
27. Go bunúsach, mar a luaitear i mír 22 de thuairim JUR 2018, ní mór do na Páirtithe Conarthacha a bheith sásta go mbainfí amach toradh atá coibhéiseach leis an toradh a thiocfadh as an gComhshocrú Fíoscach leis na gealltanais a tugadh de bhua phacáiste EGR atá beartaithe, mura mbeadh oibleagáid chonartha idirnáisiúnta i bhfeidhm a thuilleadh mar atá in Airteagal 3 TSCG faoi láthair.
28. Ach ní féidir measúnú mar sin a bhunú ar scrúdú ar choibhéis eacnamaíoch amháin. Mar a leagtar amach i míreanna 23-29 de thuairim 2018, ní mór dhá cháilíocht a bheith ann.

29. Ar an gcéad dul síos, ba cheart do na Páirtithe Conarthacha na cineálacha cur chuige rialachais agus cur chun feidhme ar a bhfuil an dá ionstraim (TSCG agus pacáiste EGR atá beartaithe) bunaithe a chur san áireamh freisin. Baineann an dá ionstraim le samhlacha rialachais agus cur chun feidhme an-difriúil. Tá TSCG bunaithe ar pharaiméadar uimhriúil comhchoiteann a bhfuil eolas *‘ex ante’* faoi agus cuirtear i bhfeidhm go cothrom é maidir le Páirtithe Conarthacha. Is múnla láraithe, riailbhunaithe é, agus ba ghné bhunúsach den chaibidlíocht é sin (féach an Ráiteas ó Cheannairí Stáit nó Rialtais an Limistéir Euro, dá dtagraítear i mír 18). Braitheann pacáiste EGR atá beartaithe ar chur chuige díláraithe ina gcinntear oibleagáidí ar bhonn aonair do gach Ballstát i gcomhpháirtíocht le hinstitiúidí inniúla an Aontais (an Coimisiún go príomha).
30. Ar an dara dul síos, mar a pléadh go mion i dtuairim JUR 2018 maidir le brí an téarma *‘substant’* sa chomhthéacs sin, *‘ní féidir a thuiscint go gcomhlíontar corprú ‘substant’ TSCG i ndlí an Aontais ach amháin nuair a ráthaítear coibhéis thorthaí an dá ionstraim dlí, gan beann ar an modh a úsáidtear chun é sin a bhaint amach, ach freisin nuair a áirithítear ardleibhéal aonchineálachta agus céannachta idir eilimintí ábhartha an dá ionstraim’* (aistriúchán neamhoifigiúil)¹⁸.
31. Thairis sin, chuirfeadh Seirbhís Dlí na Comhairle leis nach féidir an oibleagáid maidir le corprú na substainte atá in Airteagal 16 TSCG a léamh go neamhspleách ar an gcomhthéacs ina leagtar amach í. Dá bhrí sin, ní mór a lua go bhfuil roinnt cáilitheoirí tábhachtacha i dtéacs na forála sin: ar an gcéad dul síos, ní mór an próiseas corprúcháin a bheith bunaithe ar *‘measúnú ar an taithí le cur chun feidhme [TSCG]’* agus, ar an dara dul síos, gurbh é a bheadh sa phróiseas na *‘céimeanna is gá a thabhairt... agus é mar aidhm substant [TSCG] a chorprú i gcreat dlíthiúil an Aontais Eorpaigh’*.

¹⁸ Tuairim JUR 2018, mír 29. Féach freisin míreanna 25-28 di.

32. Dá bhrí sin, ceanglaítear go soiléir le foclaíocht na forála seo go ndéanfar an taithí a fuarthas agus an Comhshocrú Fioscach á chur i bhfeidhm a chur san áireamh chun é a chorprú i ndlí an Aontais. Dá réir sin, má chomhlíontar an ceanglas sin, glactar leis nach féidir an próiseas corprúcháin a cheapadh mar thras-scríobh meicniúil de théacs TSCG ina ionstraimí reachtacha de chuid an Aontais. Leagtar amach sa téacs freisin oibleagáid díchill (*‘céimeanna darb aidhm’*) seachas sainorduithe maidir le toradh deiridh sonrach. Léiríonn an dá ghné sin go soiléir gur gá measúnú a dhéanamh ar choibhéis na mbeart ar bhealach cuimsitheach, agus an comhthéacs ina bhfuil forálacha nua EGR le cur i bhfeidhm agus athruithe sa chomhthéacs sin á gcur san áireamh, lena n-áirítear an taithí a fuarthas ó síníodh TSCG.

33. Déantar tagairt shainráite i mbrollach an phacáiste reatha do roinnt gnéithe atá ábhartha maidir le cur i bhfeidhm chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais¹⁹. D'aithin an Chomhairle go sainráite gur gá an taithí sin a fuarthas le déanaí san athchóiriú reatha a chur san áireamh²⁰. Dá bhrí sin, tá na gnéithe comhthéacsúla sin ábhartha freisin agus measúnú á dhéanamh an bhfuil ‘*substaint*’ TSCG á corprú go cuí sna tograí, i gcomhréir le foclaíocht Airteagal 16 TSCG.

¹⁹ Aithris (5) den togra le haghaidh Rialachán maidir le comhordú éifeachtach beartas eacnamaíoch agus faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle, agus den togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán Uimh. 1467/97 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air: ‘*Ba cheart creat rialachais eacnamaíoch an Aontais a oiriúnú chun ilchineálacht suíomhanna fioscacha atá ag fás, [rioscaí inbhuanaitheachta] [dúshláin fiachais phoiblí], agus leochaileachtaí eile ar fud na mBallstát a chur san áireamh ar bhealach níos fearr. Bhí an fhreagairt láidir bheartais ar an bpaindéim COVID-19 [an-]éifeachtach maidir le dochar eacnamaíoch agus sóisialta na géarchéime a mhaolú, ach tháinig méadú suntasach ar chóimheasa fiachais sna hearnálacha príobháideacha agus poiblí mar thoradh ar an ngéarchéim, rud a léirigh an tábhacht a bhaineann le cóimheasa fiachais a laghdú go dtí leibhéal stuama ar bhealach marthanach lena gcothófaí an fás de réir a chéile agus aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, agus aird chuí á tabhairt ar chuspóirí fostaíochta agus sóisialta. An tráth céanna, ba cheart creat rialachais eacnamaíoch an Aontais a oiriúnú chun cuidiú le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin mheántéarmacha agus fhadtéarmacha atá roimh an Aontas, lena n-áirítear aistriú cothrom digiteach agus glas a bhaint amach, an Dlí Aeráide san áireamh, slándáil fuinnimh a áirithiú, neamhspleáchas straitéiseach oscailte, aghaidh a thabhairt ar an athrú déimeagrafach, athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta a neartú, agus an compás straitéiseach um shlándáil agus cosaint a chur chun feidhme, a bhfuil gá ag gach ceann acu le hathchóirithe agus ardleibhéal seasmhacha infheistíochta sna blianta amach romhainn.*’

²⁰ Conclúidí ón gComhairle an 14 Márta 2023 maidir le Treoshuimh le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais, pointe 6: ‘*MEASANN SÍ gur cheart a chur san áireamh sa chreat rialachais eacnamaíoch agus sna céimeanna breise chun an tAontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (AEA) a dhoimhniú na ceachtanna a foghlaimíodh ó fhreagairtí beartais eacnamaíoch an Aontais ar ghéarchéimeanna roimhe seo.*’

IV. CONCLUÍD

34. Is faoi na Páirtithe Conarthacha in TSCG atá sé measúnú a dhéanamh ar bhrí agus ar éifeachtaí na bhforálacha a rinne siad féin a chaibidil agus a dhaingniú, lena n-áirítear an oibleagáid na bearta is gá a dhéanamh chun ‘*substaint*’ Theideal III den Chonradh sin a chorprú i gcreat dlíthiúil an Aontais Eorpaigh, mar a leagtar síos in Airteagal 16 de.
35. Braitheann corprú ‘*substaint*’ TSCG i ndlí an Aontais ar an measúnú ar an gcoibhéis idir Airteagal 3 TSCG agus forálacha fíoscacha phacáiste EGR. Agus an measúnú sin á dhéanamh, ba cheart do na Páirtithe Conarthacha an méid seo a leanas a chur san áireamh: méid na coibhéise eacnamaíche idir an dá shásra; an chomparáid idir na samhlacha éagsúla rialachais agus cur chun feidhme a leagtar síos in TSCG agus a mholtar in EGR; léirmhíniú an téarma ‘*substaint*’ (aistrithe i leaganacha teanga áirithe de TSCG mar ‘ábhar’), agus an comhthéacs foriomlán ar a mbunaítear an corprú sin in Airteagal 16 TSCG, lena n-áirítear measúnú ar an taithí le cur chun feidhme an Chonartha sin.
-